



tá músaem tábhachtach: ag teacht ar oidhreacht na hÉireann

CÉN FÁTH A DTUGANN DAOINE CUAIRT AR MHÚSAEIM?



Cén fáth a dtugann daoine cuairt ar mhúsaem? Bíonn suim acu sa stair agus sa chultúr; bíonn siad i mbun taighde/staidéir; nó téann siad ann ar mhaithe le hoideachas nó gníomhaíocht dóibh féin nó dona páistí.

Cén fáth nach dtéann daoine? Easpa suime/eolais; mothaíonn siad nach bhfuil fáilte rompu go hintleachtach agus go síceolaíoch. Tá tusa ag féachaint ar institiúid áirithe. Cad atá ar siúl ag an institiúid seo chun na constaicí seo a chosc?

Nuair a théann tú chuig músaem féach timpeall ort – cad ata an institiúid áirithe seo a dhéanamh chun gach duine a mhealladh: ranganna ealaíne, léachtaí, gníomhaíochtaí páistí, turais phoiblí chomh maith le taispeántais. Cé chomh maith agus a bhíonn an phoiblíocht faoi na himeachtaí seo?

Féach ar **shlí isteach** an mhúsaem, go minic braitheann an chaoi a siúlann daoine tríd an spás uile ar an tslí isteach agus dá bhrí sin téann sí i bhfeidhm ar thaithí iomlán na cuairte.

De ghnáth bíonn Músaem Náisiúnta níos maorga, cosúil le "teampaill", ach bíonn músaem áitiúla nó réigiúnacha níos lú agus níos cairdiúla. Sa bhosca thíos déan cur síos ar na mothúcháin éagsúla a chruthaíonn an dá chineál áite seo i ndaoine.



TEICNÍCÍ TAISPEÁNTAIS

SOILSIÚ

Agus tú ag siúl trí mhúsaem feicfidh tú go bhfuil soilsiú rialaithe in úsáid ar bhealaí éagsúla: cosnaíonn an soilsiú seo na rudaí ionas nach ndéanfaidh solas na gréine dochar dóibh.

Is mó an chosaint atá ó rudaí áirithe ná ó rudaí eile, m.sh. in áiteanna a bhfuil nuachtáin ón aircív nó fabraic ar taispeáint, bíonn an soilsiú an-íseal, maolaithe, toisc go dtréigeann cló agus dathanna na rudaí seo go furasta agus is fusa dochar a dhéanamh dóibh.

Tá brí shíceolaíoch le solas – smaoinigh faoin gcaoi a dtéann solas i bhfeidhm ar an gcuairteoir: m. sh., má tá solas maolaithe i seomra dorcha is féidir leis béim a chur ar thábhacht na saothar agus mothúcháin an chuairoteora a mhaolú. Is féidir le spás geal aerach bheith fáilteach agus cuireann sé duine ar a shuaimhneas.

LIPÉID

Tá lipéid tábhachtach chun obair an mhúsaem a thuiscint.

De ghnáth bíonn lipéid mhóra agus painéil ag músaem ag cur síos ar thréimhsí áirithe ama nó ar mhodhanna áirithe agus stíl. Cruthaíonn siad struchtúr, cuireann siad na taispeántais i gcomhthéacs agus is féidir leis na cuairteoirí foghlaim faoi na taispeántais.

Mura bhfuil mórán eolais faoi shaothair ealaíne ar taispeáint tá seans ann go nglacann an músaem leis go bhfuil na cuairteoirí eolach ar na saothair cheana féin, ach tá baol ann go bhfágfaidh sin a lán cuairteoirí as an áireamh. Ach d'fhéadfá a rá fosta nach mian leis an músaem réamhthuairimí a chruthú faoi na rudaí sa taispeántas agus gurbh fhearr leo go mbainfeadh na cuairteoirí úsáid as a samhlaíocht féin .

Agus tú i músaem, cuir na ceisteanna seo ort féin:

- An bhfuil lipéid riachtanach? Cad é do bharúil?
- Cé air ar chóir do na lipéid bheith dírithe? Agus cén aois léitheoireachta?
- An spreagann siad easpa smaointeoireachta nó níos mó smaointeoireachta faoi shaothar ealaíne nó faoi rud?
- An gcuireann lipéid leis an saothar nó an gcuireann siad isteach air?

Roghnaigh lipéad amháin sa mhúsaem. Cén buneolas a bhaineann tú as? Cad é an chuid is tábhachtaí den eolas sin, dar leat? An bhfuil sé scríofa go soiléir agus an bhfuil sé furasta a thuiscint? An bhfuil an t-eolas is mian leat a fháil amach ann?

Déan iarracht an lipéad a athscríobh. Cad a scríobhfá féin faoin rud seo?

BACAINNÍ

Má tá saothair taobh thiar de ghloine nó i gcás feictear do dhaoine go bhfuil tábhacht leo. Nuair a dhéanann coimeádaithe é seo, tá siad ag cur in iúl do chuirteoirí go bhfuil na saothair áirithe seo uathúil, nó go bhfuil siad níos fíneálta ná saothair eile. Cosnaíonn an ghloine nó an cás na saothair agus ní féidir le haon rud dochar a dhéanamh dóibh.

I músaeim bíonn a lán rudaí taobh thiar de ghloine toisc go bhfuil siad chomh sean sobhriste sin. I músaeim áirithe is féidir le cuairteoirí rudaí a láimhseáil agus dul i dtaithe orthu. An bhfeictear duit gur comhréiteach maith é seo?

Cad é do bharúil faoi bhacainní? An bhfuil siad riachtanach? Nó an mothaíonn an breathnóir coimhthíoch rompu?

ROCHTAIN & SUÍOMH Féach timpeall an mhúsaeim atá faoi scrúdú agat – cad atá siad a dhéanamh chun rochtain a chruthú le haghaidh cách? An bhfuil eolas ar fáil ar a suíomh Gréasáin? Déan scrúdú freisin ar an eolas scríofa le feiceáil cad iad na háiseanna rochtana atá ar fáil. Ba chóir go mbeadh rochtain ag gach duine ar an mbailiúchán agus bheith in ann foghlaim faoi.

Nótaí ...

SPÁS AGUS IOMPAR

Déan machnamh ar conas a iompraíonn cuairteoirí éagsúla iad féin i spásanna áirithe:

Go pearsanta: An bhfuil go leor spáis sa taispeántas chun go mbeadh spás pearsanta ag daoine? Mura bhfuil, cuireann seo míshuaimhneas ar dhaoine. Ba chóir go mbeadh na saothair ar leibhéal súl daoine sa dóigh is gur féidir leo dul i ngleic leis na saothair.

An bhfuil barraíocht saothar nó rudaí sa taispeántas? Má tá an iomarca ann tagann tuirse taispeántais ar dhaoine. Maireann meánachar airde duine fásta tríocha nóiméad.

Go síceolaíoch: Conas a théann áiteanna áirithe i bhfeidhm ar dhaoine agus iad ag féachaint ar na saothair? Má tá barraíocht saothar i spás beag tá seans ann go gcuirfidh seo míshuaimhneas ar dhaoine agus go gcreidfidh siad go bhfuil an spás cúng.

Nótaí ...

CEISTEANNA SAMPLACHA:

Déan plé ar an músaem ar thug tú cuairt air agus ar na bealaí a n-úsáideann cuairteoirí é agus a mbaineann siad sult as. An dóigh leat gurbh fhéidir aon fheabhas a chur air?

Déan plé ar fheidhm na cuairte chuig an músaem maidir le d'ábhar áirithe nó le do chuid oibre ar scoil.

- An dóigh leat go bhfuil músaeim tábhachtach? Tabhair cúiseanna.
- Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach na rudaí réadacha a fheiceáil?
- Cé a bhaineann tairbhe as músaeim?
- Conas a chabhróidh an taithí seo le do chuid oibre?

Tá sé mar chúram ag an Irish Museums Association tacú le músaeim ar fud na hÉireann, agus gach rud a bhaineann le músaeim a chur chun cinn.

Irish Museums Association; Fón:+353 1 6633579 R-phost: office@irishmuseums.org G: www.irishmuseums.org

Is le cabhair ó COGG a cuireadh an leagan Gaeilge den bhileog oibre seo ar fáil. www.cogg.ie